



Preaseisiúint

Lucsamburg, 17 Eanáir 2022

Tá rannchuidiú AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i ngnólachtaí doiléir

I dtuarascáil speisialta arna foilsiú inniu, iarann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go ndéanfaí soileiriú ar na ranníocaíochtaí a rinneadh ó chistí AE i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh i ngnólachtaí. Is í conclúid na n-iniúchóirí nach bhfuil nasc leordhóthanach fós idir cistiú AE agus riachtanais ghnó. Is dócha nach mbainfear amach ach ionchur beag ar chuspóirí AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ó na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo, cé nach féidir na torthaí sin a ghabháil faoin gcreat faireacháin atá ann cheana. I measc nithe eile, tháinig na hiniúchóirí ar fhianaise a léiríonn go bhféadfadh sé gur éirigh le roinnt tionscadal gan tacaíocht phoiblí.

Tá éifeachtúlacht fuinnimh mar chuid thábhachtach d'uailmhian an Aontais a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Ach tá gá fós le hiarrachtaí suntasacha, agus tá ról tábhachtach ag ngnólachtaí. Dá réir sin, mar aon le bearta na mBallstát féin, chaith an tAontas méid suntasach cistiúcháin ar thacaíocht chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i ngnólachtaí idir 2014 agus 2020.

Tugann na hiniúchóirí dá n-aire go bhfuil laghdú tagtha ar leibhéal na tacaíochta atá beartaithe ó bheartas comhtháthaithe AE le blianta beaga anuas, ó imchlúdach foriomlán socraithe ag EUR 3.2 billiún in 2016 go EUR 2.4 in 2020. Ina theannta sin, tá formhór an chaiteachais dírithe ar líon beag Ballstát. Is ar chúig Bhallstát amháin (Poblacht na Seice, an Pholainn, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Bhulgáir) atá thart ar dhá thrían den chaiteachas atá leithdháilte maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i ngnólachtaí dírithe.

“Improving the energy performance of businesses, whatever the sector they operate in, is crucial if the EU wants to achieve its goal of cutting emissions by at least 55% by 2030” [Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar feidhmíocht fuinnimh do ghnólachtaí a fheabhsú, cibé earnáil ina n-oibríonn siad, má tá an tAontas lena sprioc a bhaint amach maidir le hastaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad], a dúirt Samo Jereb, an Comhalta de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá freagrach as an tuarascáil. “So far, however, the real effect of EU funding on businesses’ energy efficiency remains

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a thabhairt. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

unclear." [Go dtí seo, áfach, tá fíoréifeacht chistiú AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i ngnólachtaí doiléir fós.]

Sa tuarascáil, caitear amhras ar fhíor-bhreislúach chistiú AE. Is léir go bhfuil ról ag deontais AE nuair a dhéanann gnólachtaí cinntí infheistíochta. Ach i bhformhór na gcásanna, bhí na hinfeistíochtaí a fuair cistiú pleanáilte cheana féin. Is é sin le rá go rachfadh roinnt mhaith tionscadal ar aghaidh gan tacaíocht AE. Fiú gan tacaíocht phoiblí, bíonn infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh éifeachtúil go ginearálta, mar a thugann na hiniúcháirí dá n-aire. De réir meastachán, tá sé níos saoire aonad amháin fuinnimh a shábháil ná íoc as an méid céanna leictreachais, agus is é leictreachas an fhoinsé fuinnimh is mó a úsáidtear. Is fíre fós an ráiteas sin ó tháinig ardú ar phraghasanna fuinnimh le déanaí.

Is deacair rannchuidiú foriomlán maidir le cistiú AE a mheas. Tugann na hiniúcháirí dá n-aire nach bhfuil aon fhéidearthacht ann do mheasúnú ar fheidhmíocht ag leibhéal AE: tá táscairí ag na húdaráis náisiúnta, ach ní hionann iad ó Bhallstát go Ballstát, agus uaireanta ní hionann iad fiú idir cláir sa Bhallstát céanna.

In éagmais faisnéise comhdhlúite ag leibhéal AE, tá a ríomh féin déanta ag na hiniúcháirí. Measann siad gur ionann na coigiltis fhéideartha a gineadh leis na tionscadail chomhchistithe i ngnólachtaí agus thart ar 0.3 % den iarracht is gá chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh AE do 2030 a bhaint amach. Is é sin le rá nach gcurfídh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh atá cistithe ag an Aontas go mór le cuspóirí AE.

Faisnéis chúlra

Is í an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh príomhionstraim dlí AE i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta d'éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, rud a rannchuideoidh le spriocanna an Aontais a bhaint amach. Leagann na Ballstáit amach ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh bearta chun éifeachtúlacht a mhéadú maidir le soláthar, tarchur agus dáileadh fuinnimh, chomh maith le bearta is infheidhme maidir le húsáideoirí deiridh.

Tá Tuarascáil speisialta 2/2022, "Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair: roinnt coigiltis ar fhuinneamh ach laigí i bpleanáil agus i roghnú tionscadal" ar fáil ar suíomh gréasáin CIE (eca.europa.eu).

In 2020, d'fhoilsigh CIE tuarascáil ar [infheistíochtaí AE san éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh cónaithe](#), chomh maith le tuarascáil ar [ghníomhaíocht AE maidir le éiceadhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh](#).

Cuireann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iníúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - T: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - T: (+352) 691 553 547